

Muínis.

Sliocht as an gcur síos álainn atá ag Séamus Mac An Iomaire ar a bhaile dhúchais ina leabhar Cladaigh Chonamara.

Is aoibhinn an áit é sa samhradh nuair a bhíos an mhuir ina clár cothrom agus mar a bheadh scathán mór airgeadach timpeall na n-oileán, na tránna míne gainimh go drithleach dealraitheach faoí thaitneamh na gréine, borradh agus fás faoí gach ní, éanacha an aeir go meidhreach ag ceol is ag ceiliúr thuas i mbuaic na spéire goirme, faoileáin gheala bhána agus éanacha eile na mara ag solathar agus ag snámh i mbéal na toinne, gach ainmhí, gach feithide agus gach aon rud , gan buaireamh gan eile, lántsásta leis an saol, daoine anseo is ansiúd ar na tránna ag snámh agus ag folcadh sa seansáile folláin.

Is ann a chaith mé tamall gan brón gan duairceas gan mairg, agus b'aoibhinn liom fanacht ann go deo. Feicim anois ós comhair shúile m'intinne an bothán cois cladaigh, lán mara na rabhartaí móra ag cur aighnis orm ag leic an dorais, súiteáin ag ruatharúch is ag leagan a chéile ar an scaineamhán amach ó thaobh an tí. Boladh goirt folláin na gaoithe ón bhfarraige ag séideadh i mo thimpeall is síorphreabadh chuisle na mbristí ag teacht ar mo chluasa ar feadh an gheimhridh chrua fheannta. Cheap mé nach raibh aon áit ar chonablach na cruinne a bhainfeadh an barr de le maise is le háille, agus maidir le sult agus caitheamh aimsire ba dheacair é a shárú. Feicim ós mo chomhair anois na bóithre fada bána, na daoine sna goirt ag obair, na báid ag seoltóireacht is ag tabhairt a n-aghaidh amach an teiscinn mhór le linn an tráthnóna, is an ghrian ag maolú siar is ag cur lonrú órga ar na beanna. Cloisim ar gach taobh glórtha binne óg is aosta sa teanga ársa a cheap is a chas Gaeil: d'ainneoin ar fhulaing siad in aimsir Chromail is roimhe agus ó shin i leith, choinnigh siad beo a dteanga agus a nósanna. Níor ghéill siad riamh fós don námhaid, agus tá súil agam nach ngéillfidh nó go 'Éire saor chomh maith le bheith gaelach, is gaelach chomh maith le bheith saor.'